Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Bealtaine 2023
(OR. en)**

**9015/23**

**DEVGEN 82
ACP 29
RELEX 547
SUSTDEV 70**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 4 Bealtaine 2023 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8123/23 |
| Ábhar: | Éilliú mar bhac ar fhorbairt<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 4 Bealtaine 2023) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le "Éilliú mar bhac ar fhorbairt" mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an 3470ú cruinniú a bhí aici ar an 4 Bealtaine 2023.

**Éilliú mar bhac ar fhorbairt**

**Conclúidí ón gComhairle**

1. Is fadhb chasta leanúnach shóisialta, pholaitiúil, slándála agus eacnamaíoch é an t-éilliú a théann i bhfeidhm ar gach tír agus réigiún ar domhan, an Eoraip san áireamh. Meastar gurb ionann an tionchar diúltach eacnamaíoch atá aige agus naoi n-uaire de chúnamh oifigiúil forbartha domhanda. Cuireann an t-éilliú bac ar an daonlathas, ar an muinín as institiúidí, ar an smacht reachta agus ar chearta an duine a bhaint amach agus a theachtadh. Gabhann sé stáit, baintear an bonn de dhlisteanacht an stáit, de bhailiú cánach agus de sheachadadh seirbhísí poiblí agus saobhtar margaí feidhmiúla, rud a chuireann isteach, a bheag nó a mhór, ar gach réimse d'fhorbairt inbhuanaithe dhaonna, eacnamaíoch agus shóisialta. Is constaic lárnach é an t-éilliú ar dhíothú na bochtaineachta mar is iad na boicht, agus na daoine agus na grúpaí is leochailí, is mó a bhíonn thíos leis. Cuireann sé leis an neamhionannas agus bíonn tionchar díréireach aige ar mhná, ar chailíní agus ar dhaoine faoi mhíchumas. Thairis sin, tacaíonn an t-éilliú le coireacht eagraithe a bheith ann agus bíonn tionchar diúltach aige ar an tslándáil agus ar an gcobhsaíocht ar gach leibhéal. Ar na cúiseanna sin, déantar, i gClár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, go háirithe Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 16 atá sa chlár sin, sa Comhdhearcadh Eorpach Nua maidir le Forbairt, agus in Ionstraim NDICI-an Eoraip Dhomhanda, aghaidh a thabhairt ar an éilliú mar chonstaic ar an bhforbairt inbhuanaithe.

2. Le paindéim COVID-19, cuireadh brú ar acmhainní agus athdhearbhaíodh a thábhachtaí atá formhaoirseacht éifeachtach ar chaiteachas poiblí. Chuir cogadh foghach na Rúise, atá neamhdhleathach gan chúis gan údar, leis an ngéarchéim dhomhanda bhia agus fuinnimh. Sa chomhthéacs sin, tugann an Chomhairle dá haire gur mó an phráinn atá le cur chuige uile-rialtais a ghlacadh chun an t-éilliú a chomhrac, cibé uair agus cibé áit a dtarlaíonn sé, chun a áirithiú go mbeidh tacaíocht acu siúd is mó atá i ngátar agus go n-úsáidfear an tacaíocht sin ar an mbealach is éifeachtúla.

3. Is mór ag an gComhairle an rannchuidiú suntasach ó sheirbhísí an Choimisiúin agus ó SEGS chun an t-éilliú a chomhrac trí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais. Áirítear leis sin, trí chláir dhéthaobhacha agus réigiúnacha, tacaíocht do chórais fheabhsaithe bainistithe airgeadais phoiblí, idirphlé polaitiúil, agus idirphlé maidir le cearta an duine, le tíortha comhpháirtíochta agus Plean Gníomhaíochta 2020-2024 de chuid an Aontais maidir le Cearta an Duine agus an Daonlathas. Meabhraíonn an Chomhairle an plé leanúnach maidir le huirlisí eile a d'fhéadfaí a úsáid chun díriú ar an éilliú ar fud an domhain.

4. Cuireann an Chomhairle i dtábhacht gur codanna lárnacha de chomhar an Aontais agus na mBallstát leis na tíortha comhpháirtíochta uile iad an comhrac in aghaidh an éillithe, luachanna daonlathacha agus ardchaighdeáin a chur chun cinn, agus dea-rialachas agus trédhearcacht a áirithiú, agus gur treoirphrionsabail lárnacha den *Global Gateway* iad.

5. Cuireann an Chomhairle i dtreis go bhfuil an t-éilliú ar cheann de na bacainní neamhtharaife is costasaí ar an trádáil dhomhanda, go háirithe i gcás tíortha ísealioncaim agus tíortha íseal-mheánioncaim, agus go bhfuil sé ar cheann de na príomhchonstaicí ar thimpeallacht fhabhrach ghnó agus infheistíochta a chruthú. Le hinfheistíochtaí trádála agus príobháideacha, is féidir dreasachtaí a neartú chun an t-éilliú a laghdú trí chóras trádála atá oscailte, inbhuanaithe agus riailbhunaithe a spreagadh, mar aon le réitigh nuálacha maoiniúcháin.

6. Tugann an Chomhairle dá haire gur cuid shuntasach de shreafaí aindleathacha airgeadais iad sciúradh airgid, imghabháil cánach agus breabaireacht idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, is gnéithe tábhachtacha chun an t-éilliú a chomhrac iad níos mó trédhearcachta a fhorfheidhmiú maidir le húinéireacht cuideachtaí, tacú le hiarrachtaí chun sócmhainní goidte a rianú, a chalcadh agus a aisghabháil agus neartú na gcóras chun an sciúradh airgid a chosc chomh maith le trédhearcacht úinéireachta tairbhiúla agus rialacha maidir le neamh-chomhoiriúnachtaí agus coinbhleachtaí leasa, brústocaireacht agus doirse imrothlacha.

7. I bhfianaise an mhéid thuas, cuireann an Chomhairle chun suntais a thábhachtaí atá sé peirspictíocht láidir frith-éillithe a ionchorprú i ngach iarracht forbartha, agus in earnálacha idirnasctha amhail an tsláinte, an t-oideachas, an fhostaíocht, an tslándáil fuinnimh agus an comhrac i gcoinne an athraithe aeráide. Tá sé sin ríthábhachtach go háirithe i mbainistiú an airgeadais phoiblí agus i gcomhthéacsanna ina bhfuil an t-éilliú forleathan agus ina sainaithnítear é mar phríomhshrian ar an bhforbairt inbhuanaithe, amhail coinbhleacht agus géarchéim, soláthar, tionscail eastóscacha, agus tionscadail bhonneagair ar mhórscála.

8. Is díol sásaimh don Chomhairle an mheastóireacht a rinneadh le déanaí ar thacaíocht an Aontais don smacht reachta agus don fhrith-éilliú i dtíortha comhpháirtíochta ó 2010-2021, lena gcuirtear bonn tráthúil ar fáil do chur chuige Fhoireann na hEorpa atá níos uaillmhianaí agus níos cuimsithí chun dul i ngleic leis an éilliú. Tugann an Chomhairle dá haire go háirithe na moltaí chun creat aontaithe cuimsitheach in aghaidh an éillithe a fhorbairt a bheidh príomhshruthaithe ar fud na n-earnálacha, agus chun an faireachán, an mheastóireacht, an chuntasacht agus an fhoghlaim a fheabhsú. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur féidir rannchuidiú le feabhas a chur ar shaol laethúil na saoránach trí iarrachtaí frith-éillithe a phríomhshruthú trí rochtain chomhionann ar sheirbhísí ríthábhachtacha a áirithiú, an neamhionannas a laghdú agus rialachas cuntasach agus cuimsitheach a chur chun cinn.

9. Agus an méid sin á chur san áireamh, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí cur chuige AE níos straitéisí agus níos comhtháite a ghlacadh chun an t-éilliú a chosc agus a chomhrac mar chonstaic ar dhíothú na bochtaineachta agus ar an bhforbairt inbhuanaithe. Ba cheart go n-áireofaí leis sin an treoir nuashonraithe maidir le frith-éilliú i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais a ullmhú agus a dháileadh go pras. Ba cheart gur tagarmharcanna tábhachtacha san obair sin iad Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe, Coinbhinsiún ECFE maidir le Breabaireacht Oifigeach Poiblí Eachtrach in Idirbhearta Gnó Idirnáisiúnta a Chomhrac, *Recommendation for Further Combating Bribery of Foreign Public Officials in International Business Transactions* [Moladh 2021 ó ECFE maidir le Breabaireacht Oifigeach Poiblí Eachtrach in Idirbhearta Idirnáisiúnta Gnó] agus *Recommendation for Development Co-operation Actors on Managing the Risk of Corruption* [Moladh 2016 ó ECFE do Ghníomhaithe an Chomhair um Fhorbairt maidir le Riosca an Éillithe a Bhainistiú], chomh maith le caighdeáin idirnáisiúnta agus Eorpacha eile.

10. Cuireann an Chomhairle i dtábhacht go bhfuil an cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine i leith na forbartha ina uirlis thábhachtach sa chomhrac i gcoinne an éillithe a bhfuil an tAontas agus a Bhallstáit araon tiomanta dó, i gcomhréir leis an gComhdhearcadh Eorpach Nua maidir le Forbairt agus mar a chumhdaítear é i Rialachán NDICI-an Eoraip Dhomhanda. Meabhraítear don Chomhairle freisin a thábhachtaí atá sé prionsabail an chomhair éifeachtaigh um fhorbairt a chur chun feidhme, lena bhféadfar rannchuidiú le cleachtais éillitheacha a laghdú agus le hinstitiúidí poiblí a neartú, lena n-áirítear trí shaineolas na hearnála poiblí, trí fhothú acmhainní, trí chúnamh teicniúil agus trí chomhroinnt eolais.

11. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur cheart iarrachtaí athnuaite chun dul i ngleic leis an éilliú a bhunú ar idirphlé lena n-urramófaí a chéile, ar phróisis chinnteoireachta chuimsitheacha, ar chearta an duine agus ar chomhionannas inscne, agus díriú ag an am céanna ar thionchar fadtéarmach atá bunaithe ar anailís eacnamaíoch pholaitiúil ar chomhthéacsanna áitiúla agus ar phríomhspreagthaí an éillithe. Thairis sin, cuireann an Chomhairle i dtreis gur gá na ceachtanna a foghlaimíodh ó chineálacha cur chuige a bhí rathúil in aghaidh an éillithe a chomhtháthú i ngach réimse comhpháirtíochtaí, bunaithe ar fhianaise agus ar dhea-chleachtais, agus comhleanúnachas beartais ar gach leibhéal agus comhordú le straitéisí na mBallstát in aghaidh an éilithe á n-áirithiú ag an am céanna.

12. Molann an Chomhairle go mbainfí úsáid as teicneolaíochtaí nuálacha éifeachtacha chun trédhearcacht a neartú agus chun riosca an éillithe a laghdú. Áirítear leis sin iarrachtaí i dtreo an chlaochlaithe dhigitigh, lena n-áirítear trí shaoránaigh a chumhachtú, trí chórais sheachtracha dhigiteacha, neamhspleácha agus uathrialaitheacha sceithirí a fhorbairt, chomh maith le córais ríomhrialachais agus ríomhsholáthair. Ba cheart dlús a chur leis na hiarrachtaí sin i gcás inarb iomchuí, agus coimircí do chearta an duine a áirithiú, lena n-áirítear an ceart chun príobháideachta.

13. Iarrann an Chomhairle ar sheirbhísí an Choimisiúin, ar SEGS agus ar na Ballstáit oibriú níos dlúithe le chéile de mheon Fhoireann na hEorpa chun dea-rialachas a chur chun cinn agus chun dul i ngleic leis an éilliú mar chonstaic ar an bhforbairt, lena n-áirítear trí Thionscnaimh Fhoireann na hEorpa, tríd an *Global Gateway* agus trí idirphlé feabhsaithe beartais le tíortha comhpháirtíochta. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh don Chomhairle go háirithe tionscnamh domhanda Fhoireann na hEorpa maidir leis an Daonlathas, ina ndírítear ar an smacht reachta agus ar chuntasacht.

14. Thairis sin, iarrann an Chomhairle ar sheirbhísí an Choimisiúin, ar SEGS agus ar na Ballstáit dlús a chur leis na hiarrachtaí chun dul i ngleic le sreabha aindleathacha airgeadais (SAInna), lena n-áirítear cistí a fhaightear trí chleachtais éillitheacha. Tá gá le hiarrachtaí chun dul i ngleic le sreabha aindleathacha airgeadais i dtíortha ina dtionscnaítear iad agus i dtíortha idirthurais agus cinn scríbe freisin. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh don Chomhairle an obair leanúnach atá á déanamh ag an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais i ndáil le frith-éilliú agus Tionscnamh Fhoireann na hEorpa chun Tacú leis an Afraic chun Sreabha Airgeadais Aindleathacha agus an Choireacht Eagraithe Thrasnáisiúnta a Chomhrac.

15. Iarrann an Chomhairle ar sheirbhísí an Choimisiúin agus ar SEGS an Chomhairle a thabhairt cothrom le dáta go rialta maidir leis an dul chun cinn trína áirithiú go gcuimsítear bearta de chuid an Aontais sna sásraí tuairiscithe atá ann cheana lena rannchuidítear leis an éilliú a laghdú sa chiall leathan.

16. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir an ról ríthábhachtach atá ag institiúidí poiblí, lena n-áirítear institiúidí neamhspleácha iniúchóireachta, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, gníomhaithe iltaobhacha, cosantóirí chearta an duine, iriseoirí, sceithirí, na meáin agus eintitis san earnáil phríobháideach ó thaobh athléimneacht shochaíoch i gcoinne an éillithe a neartú agus na cuspóirí thuas a bhaint amach.